



9646/26

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2023/0250(COD)

---

---

CODEC 993  
JAI 654  
COPEN 197  
DROIPEN 98  
FREMP 187  
SOC 288

### NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle <b>(an chéad léamh)</b> - Glacadh an ghnímh reachtaigh

---

1. An 12 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra <sup>1</sup>, atá bunaithe ar Airteagal 82(2)(c) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Nollaig 2023<sup>2</sup>.
3. An 21 Bealtaine 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún<sup>3</sup>. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

---

<sup>1</sup> 11840/23 + ADD 1 go ADD 3.

<sup>2</sup> IO C, C/2024/1592, 5.3.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/1592/oj>.

<sup>3</sup> 9387/26.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle<sup>4</sup> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 11/26 é, a fhorghreas mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus Málta agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil.
5. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcrúinniú den Chomhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.
6. Má fhorghreasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Parlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

---

<sup>4</sup> I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.